2024/2820

8.11.2024

CINNEADH (AE) 2024/2820 ÓN gCOMHAIRLE

an 24 Deireadh Fómhair 2024

maidir leis an seasamh atá le glacadh thar ceann an Aontais Eorpaigh ag an 233ú seisiún de Chomhairle na hEagraíochta Eitlíochta Sibhialta Idirnáisiúnta a mhéid a bhaineann le Leasú 30 ar Iarscríbhinn 9 – Éascú a ghabhann leis an gCoinbhinsiún um Eitlíocht Shibhialta Idirnáisiúnta a ghlacadh maidir leis na leasuithe atá beartaithe a dhéanamh ar Chaibidlí 2, 3, 6 agus ar Chaidibil 8, míreanna C, E, F agus G, den Iarscríbhinn sin

TÁ COMHAIRLE AN AONTAIS EORPAIGH,

Ag féachaint don Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh, agus go háirithe Airteagal 100(2), i gcomhar le hAirteagal 218(9) de,

Ag féachaint don togra ón gCoimisiún Eorpach,

De bharr an mhéid seo a leanas:

(1) Tháinig an Coinbhinsiún um Eitlíocht Shibhialta Idirnáisiúnta ('Coinbhinsiún Chicago') lena rialaítear aeriompar idirnáisiúnta i bhfeidhm an 4 Aibreán 1947. Bunaíodh an Eagraíocht Eitlíochta Sibhialta Idirnáisiúnta (ICAO) leis.

(2) Is Stáit Chonarthacha i gCoinbhinsiún Chicago iad Ballstáit uile an Aontais agus is comhaltaí de ICAO iad, agus tá stádas breathnóra ag an Aontas i gcomhlachtaí áirithe de chuid ICAO. Tá ionadaithe ó shé Bhallstát i gComhairle ICAO le haghaidh na tréimhse 2022-2025.

(3) De bhun Airteagal 37j) de Choinbhinsiún Chicago, ó am go ham, de réir mar is gá, glacfaidh agus leasóidh Comhairle ICAO caighdeáin agus cleachtais agus nósanna imeachta molta idirnáisiúnta maidir le nósanna imeachta custaim agus inimirce. De bhun Airteagal 541) de Choinbhinsiún Chicago, féadfaidh Comhairle ICAO Caighdeáin agus Cleachtais Mholta ('SARPanna') idirnáisiúnta a ghlacadh, agus iad a ainmniú mar Iarscríbhinní a ghabhann le Coinbhinsiún Chicago.

(4) Ag an 233ú seisiún a bheidh aici, tá Comhairle ICAO le Leasú 30 ar Iarscríbhinn 9 a ghabhann le Coinbhinsiún Chicago ('Leasú 30') a ghlacadh.

(5) Is é is príomhchuspóir do Leasú 30 cur le soiléireacht Iarscríbhinn 9 a ghabhann le Coinbhinsiún Chicago ('Iarscríbhinn 9') agus, dá réir sin, lena comhsheasmhacht agus lena héifeachtúlacht, rud a chuimsítear i Litir Stáit CE 6/3 - 24/67 de chuid ICAO.

(6) I Leasú 30, cuimsítear leasuithe ar Chaibidlí 2 ('Teacht Isteach agus Imeacht Aerárthaí'), 3 ('Teacht Isteach agus Imeacht Daoine agus a gCuid Bagáiste') agus 6 ('Aerfoirt Idirnáisiúnta – Saoráidí agus Seirbhísí le haghaidh Tráchta') agus ar Chaibidil 8 ('Forálacha Éascaíochta lena gCumhdaítear Ábhair Shonracha'), míreanna C ('Éascaíocht a Dhéanamh do Chuardach, do Tharrtháil, d'Imscrúdú ar Thionóiscí agus do Tharrthálas'), E ('Cláir Náisiúnta Éascaíochta a bhunú'), F ('Éascaíocht a Dhéanamh d'Iompar Daoine faoi Mhíchumas') agus G ('Cúnamh d'Íospartaigh Tionóiscí Eitlíochta agus dá dTeaghlach'), d'Iarscríbhinn 9. Go háirithe, is éard atá beartaithe SARPanna atá imithe i léig a leasú, a athshuíomh nó a scriosadh chomh maith le SARPanna a leasú a dhírítear chuig oibreoirí aerárthaí nó chuig oibreoirí aerfoirt chun na SARPanna den sórt sin a dhíriú i gceart chuig na Stáit Chonarthacha. Na leasuithe ar Chaighdeán 6.3 agus ar Chleachtas Molta 6.4 i gCaibidil 6 d'Iarscríbhinn 9, baineann siad le hábhair a rialaítear faoi dhlí an Aontais le Treoir 2009/12/CE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle ([1]). Maidir le Caibidil 3 d'Iarscríbhinn 9, le Leasú 30 cuirtear SARPanna isteach i ndáil le slándáil an phróisis eisiúna a bhaineann le Doiciméid Leictreonacha Taistil Mheaisín-Inléite ('eMRTD'), agus i ndáil leis an bprótacal maidir le rialú rochtana a thabhairt cothrom le dáta, sin agus an caighdeán teicniúil maidir le híomhánna den aghaidh a ionchódú in eMRTDanna. Cumhdaítear le Leasú 30 freisin ábhair a rialaítear faoi dhlí an Aontais le Treoir (AE) 2019/997 ([2]). Ar deireadh, a mhéid a bhaineann leis na leasuithe ar Chaibidil 8 d'Iarscríbhinn 9, baineann Leasú 30 le himscrúduithe sábháilteachta ar thionóiscí eitlíochta a chumhdaítear le Rialachán (AE) Uimh. 996/2010 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle ([3]). Tá na leasuithe sin ar Chaibidil 8 léirithe cheana féin i ndlí an Aontais agus, dá bhrí sin, ní gá aon athrú a dhéanamh orthu.

([1]) Treoir 2009/12/CE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 11 Márta 2009 maidir le muirir aerfoirt (IO L 70, 14.3.2009, lch. 11, ELI: http://data.europa.eu/eli/dir/2009/12/oj).

([2]) Treoir (AE) 2019/997 ón gComhairle an 18 Meitheamh 2019 lena mbunaítear Doiciméad Taistil Éigeandála AE agus lena n-aisghairtear Cinneadh 96/409/CBES (IO L 163, 20.6.2019, lch. 1 ELI: http://data.europa.eu/eli/dir/2019/997/oj).

([3]) Rialachán (AE) Uimh. 996/2010 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 20 Deireadh Fómhair 2010 maidir le tionóiscí agus teagmhais eitlíochta sibhialta a imscrúdú agus a chosc agus lena n-aisghairtear Treoir 94/56/CE (IO L 295, 12.11.2010, lch. 35, ELI: http://data.europa.eu/eli/reg/2010/996/oj).

(7) Is iomchuí an seasamh atá le glacadh, thar ceann an Aontais, i gComhairle ICAO a bhunú mar beidh Leasú 30 ina cheangal faoin dlí idirnáisiúnta i gcomhréir le hAirteagal 90(a) de Choinbhinsiún Chicago, agus baineann sé le hábhar ó thaobh dhlí an Aontais de, eadhon Treoir 2009/12/CE agus Rialachán (AE) Uimh. 996/2010. Ba cheart raon feidhme an Chinnidh seo a theorannú chuig inneachar Leasú 30, a mhéid a thig an t-inneachar sin faoi réimse a chumhdaítear cuid mhór le comhrialacha de chuid AE cheana. Níor cheart difear a dhéanamh leis an gCinneadh seo do dháileadh na n-inniúlachtaí idir an tAontas agus na Ballstáit i réimse na heitlíochta.

(8) De bhun Airteagal 38 de Choinbhinsiún Chicago, aon Stát ar dofheidhmithe leis aon chaighdeán nó nós imeachta idirnáisiúnta arna ghlacadh ag ICAO a chomhlíonadh go hiomlán, nó a chuid rialachán nó cleachtas féin a chur i gcomhréir go hiomlán le haon chaighdeán nó nós imeachta idirnáisiúnta den sórt sin, nó aon Stát a mheasann gur gá rialacháin nó cleachtais a ghlacadh atá éagsúil ar aon bhealach ar leith leis na rialacháin nó na cleachtais arna leagan síos le caighdeán idirnáisiúnta, tabharfaidh an Stát sin fógra do ICAO láithreach faoi na héagsúlachtaí idir a chleachtas féin agus an cleachtas arna bhunú leis an gcaighdeán idirnáisiúnta.

(9) Ba cheart gurb é an seasamh atá le glacadh, thar ceann an Aontais, ag an 233ú seisiún a bheidh ag Comhairle ICAO, nó ag aon seisiún eile ina dhiaidh sin, a mhéid a bhaineann le glacadh na leasuithe atá beartaithe a dhéanamh ar Chaibidlí 2, 3, 6 agus ar Chaibidil 8, míreanna C, E, F agus G, d'Iarscríbhinn 9, leasuithe ar cuid iad de Leasú 30 ar an Iarscríbhinn sin a chuimsítear i Litir Stáit CE 6/3 - 24/67DE CHUID? ICAO, tacú leis na leasuithe sin. Ba cheart do Bhallstáit an Aontais atá ina gcomhaltaí de Chomhairle ICAO an seasamh sin a chur in iúl, ag gníomhú dóibh go comhpháirteach chun leas an Aontais.

(10) Tar éis do Chomhairle ICAO Leasú 30 a ghlacadh, rud a bheidh le fógairt ag Ardrúnaí ICAO trí nós imeachta Litir Stáit de chuid ICAO, ba cheart gurb é seasamh an Aontais gan aon mhíshástacht a chur ar taifead agus fógra a thabhairt maidir le comhlíonadh an leasaithe sin. I gcás ina mbeadh dlí an Aontais ar neamhréir leis na SARPanna nua-leasaithe tar éis an dáta a bheartaítear na SARPanna sin a thabhairt i bhfeidhm, ba cheart fógra a thabhairt do ICAO faoi aon éagsúlacht idir dlí an Aontais agus na SARPanna áirithe sin. Ba cheart an seasamh atá le glacadh thar ceann an Aontais i ndáil le héagsúlachtaí den sórt sin a bheith bunaithe ar dhoiciméad i scríbhinn a chuirfidh an Coimisiún faoi bhráid na Comhairle i gcomhair a phléite agus a fhormheasta. Ba cheart do Bhallstáit uile an Aontais an seasamh sin a chur in iúl, ag gníomhú dóibh go comhpháirteach chun leas an Aontais,

TAR ÉIS AN CINNEADH SEO A GHLACADH:

Airteagal 1

1. Is é an seasamh atá le glacadh thar ceann an Aontais ag an 233ú seisiún de Chomhairle na hEagraíochta Eitlíochta Sibhialta Idirnáisiúnta, nó ag aon seisiún ina dhiaidh sin, tacú leis na leasuithe atá beartaithe ar Chaibidlí 2, 3 agus 6 agus ar Chaibidil 8, míreanna C, E, F agus G, d'Iarscríbhinn 9 a ghabhann le Coinbhinsiún Chicago, leasuithe ar cuid iad de Leasú 30 ar an Iarscríbhinn sin, a chuimsítear i Litir Stáit CE 6/3 - 24/67 de chuid ICAO.

2. Is é an seasamh atá le glacadh thar ceann an Aontais, ar choinníoll go nglacfaidh Comhairle ICAO, gan aon athrú suntasach, an leasú atá beartaithe ar Iarscríbhinn 9 a ghabhann le Coinbhinsiún Chicago, dá dtagraítear i mír 1, gan míshástacht a chur ar taifead agus fógra a thabhairt faoi chomhlíonadh na leasuithe a glacadh, mar fhreagra ar an Litir Stáit ábhartha de chuid ICAO.

3. I gcás dlí an Aontais a bheith ar neamhréir leis na SARPanna nua-leasaithe tar éis an dáta a bheartaítear na SARPanna sin a chur i bhfeidhm, is é an seasamh atále glacadh thar ceann an Aontais fógra a thabhairt do ICAOfaoi aon éagsúlacht idir dlí an Aontais agus na SARPanna áirithe sin, i gcomhréir le hAirteagal 38 de Choinbhinsiún Chicago. Sa chás sin, in am trátha agus 2 mhí ar a laghad roimh aon sprioc-am a leagfaidh ICAO amach maidir le héagsúlachtaí a fhógairt, cuirfidh an Coimisiún doiciméad ullmhúcháin faoi bhráid na Comhairle i gcomhair a phléite agus a fhormheasta, ina leagfar amach na difríochtaí mionsonraithe atá le fógairt ag na Ballstáit do ICAO, thar ceann an Aontais.

Airteagal 2

Is iad na Ballstáit den Aontas atá ina gcomhaltaí de Chomhairle ICAO, ag gníomhú dóibh go comhpháirteach chun leas an Aontais, a chuirfidh in iúl an seasamh dá dtagraítear in Airteagal 1(1).

Is iad Ballstáit uile an Aontais, ag gníomhú dóibh go comhpháirteach chun leas an Aontais, a chuirfidh in iúl na seasaimh dá dtagraítear in Airteagal 1(2) agus (3).

Airteagal 3

Tiocfaidh an Cinneadh seo i bhfeidhm ar dháta a ghlactha.

Arna dhéanamh sa Bhruiséil, an 24 Deireadh Fómhair 2024.

Thar ceann na Comhairle

An tUachtarán

BÓKA J.